



General Certificate of Secondary Education
2010–2011

Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

Úsáid Ábhar agus Tuiscint Imoibrithe
Triail Deireadh Modúil

Bonnsraith

B

[GDB01]

DÉ CÉADAOIN 10 SAMHAIN 2010, IARNÓIN



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

AM

45 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo. Freagair **gach ceann** den **dá cheist déag**.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na ndúl, ar fáil le húsáid agat.

Don Scrúdaitheoir amháin

Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	

Marc Iomlán

1 D'fhéadfadh na lipéid thíos a bheith ar bhuidéil tuarthóra.



Lipéad A

© Crown copyright

Is féidir
go mbeidh
sé seo
díobhálach
má shlogtar é

Lipéad B

- (a) Is fearr an tsiombail ghuaise ar Lipéad A ná an scríbhneoireacht ar Lipéad B. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.


1. _____

2. _____
_____ [2]

D'fhéadfaí na lipéid seo thíos a fheabhsú trí shiombail ghuaise a chur orthu in ionad scríbhneoireachta.

- (b) Tarraing an tsiombail ghuaise cheart sna boscaí folmha anseo thíos.


(i)



Is leacht
tocsaineach
é seo

[1]

(ii)



Is gás
pléascach
é seo

[1]

2 Anseo thíos tá an t-oidéas le deoch the bhainniúil a dhéanamh. Léigh go cúramach é agus freagair na ceistanna a leanann.

1. Cuir dhá thaespúnóg de phúdar cócó i gcupán mór.
2. Cuir bainne te isteach ann.
3. Corraigh é go dtuaslagfaidh an púdar cócó.
4. Cuir siúcra isteach le cur leis an bhlas.
5. Corraigh é go dtuaslagfaidh an siúcra.

(a) Ainmnigh an **tuaslagóir** a úsáideadh san oideas seo.

_____ [1]

(b) Ba chóir go dtuaslagfadh an cócó go gasta má chloítear go docht leis an oideas. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

_____ [2]

Nuair a chuirtear tuilleadh siúcra leis, déantar **tuaslagán sáithithe** de.

(c) Cad é a chiallaíonn an téarma **tuaslagán sáithithe**?

_____ [1]

3 Is miotail iad copar agus alúmanam. Tá feidhmeanna difriúla leo.

(a) Is as alúmanam a dhéantar scragall stáin. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

Image of aluminium foil not available due to copyright

1. _____

2. _____

_____ [2]

(b) Is as copar a dhéantar umair uisce the. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

Image of hot water tank not available due to copyright

1. _____

2. _____

_____ [2]

Úsáidtear alúmanam agus copar araon, le sáspáin a dheanamh.

(c) Ní dhéantar sáspáin as plaisteach amhail polaitéin. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.



© iStockphoto / Thinkstock

1. _____

2. _____

_____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

4 Léigh an sliocht seo a leanas go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanann.

Is féidir go gcuirfí daoine ar míthreoir mar gheall ar na hainmneacha coitianta atá ar roinnt substaintí. I gcás peann luaidhe, is amhlaidh nach luaidhe atá i gceist ar chor ar bith, ach graifít, ar cineál de charbón é. Is as alúmanam, seachas stán, a dhéantar scragall stáin. Is ionann oighear tirim agus dé-ocsaíd charbóin sholadach, ní uisce soladach atá ann. Nuair a smaoinimid ar shalann, smaoinimid de ghnáth ar chlóiríd sóidiam ach is amhlaidh atá cuid mhór comhdhúl éagsúil i salann sáile.

Ón sliocht, luaigh:

(a) dúil neamh-mhiotalach

_____ [1]

(b) dúil mhiotalach

_____ [1]

(c) comhdhúil ianach

_____ [1]

Is iad potaisiam agus iaidín an t-aon dhá dhúil atá le fáil i gceann amháin de na comhdhúile i salann sáile.

(d) Cén t-ainm atá ar an chomhdhúil seo?

_____ [1]


- 5 Taispeánann an grianghraf thíos gabha dubh agus é ag múnlú iarann soladach ina chrú capaill.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Image of blacksmith at work not available due to copyright

- (a) Líon isteach an bosca thíos le cóiriúchán na gcáithníní in iarann soladach a thaispeáint.



← Cáithnín amháin iarainn

[1]

- (b) Cad é a tharlaíonn do na cáithníní in iarann soladach agus an crú capaill á théamh sa tine ag an ghabha dhubh?

[2]

- (c) Gual atá in úsáid ag an ghabha dhubh mar bhreosla don tine.

Comhlánaigh an chothromóid focal thíos lena thaispeáint cad iad na táirgí a dhéantar nuair a bhíonn gual ag dó in aer.

gual + aer → + + fuinneamh

[2]

6 Deirtear go bhfuil uisce **crua** in áiteanna áirithe i dTuaisceart Éireann.

(a) Cén éifeacht a bhíonn ag uisce crua ar

(i) gallúnach? _____

(ii) glantach? _____

_____ [2]

(b) Luaigh modh **amháin** le cruas a bhaint amach as uisce.

_____ [1]

7 Foirmle ceimiceacha is ábhar don cheist seo.

Is féidir go mbeidh an Bhileog Sonraí ina cuidiú agat.

(a) Cad é an tsiombail cheimiceach do photaisiam?

_____ [1]

(b) Is é $C_6H_{12}O_6$ an foirmle atá ag glúcós.

Cá mhéad adamh atá i móilín glúcóis?

_____ [1]

(c) Is é CH_3COOH an foirmle atá ag aigéad aicéiteach.


Cá mhéad dúil **dhifriúil** atá i móilín d'aigéad aicéiteach?

_____ [1]

(d) Ainmnigh an tsubstaint dar foirmle $Ca(HCO_3)_2$.

_____ [1]

- 8 D'úsáid dalta an fearas thíos i seomra te le gluaiseacht cáithníní a imscrúdú.



I ndiaidh tuairim is **5 nóiméad**, bhí fáinne bán de chlóiríd amóiniam ann.

- (a) Cén **focal** a chuireann síos ar ghluaiseacht cáithníní mar a léirítear í tríd an fhearas seo a úsáid?

_____ [1]

- (b) Dá ndeánfadh an dalta an turgnamh seo i seomra **níos fuaire**, cén éifeacht a bheadh aige sin ar fhoirmiú an fháinne bháin?

_____ [1]

- (c) Cad chuige a raibh an fáinne bán níos cóngaraí don olann chadáis a bhí ar maos in aigéad hidreaclórach tiubhaithe?

_____ [1]

- (d) Cad é an fhoirmle atá ag clóiríd amóiniam? (Is féidir go mbeidh an Bhileog Sonraí ina cuidiú agat.)

_____ [1]

9 Taispeánann an tábla thíos uimhir adamhach, maisuimhir agus cóiriúchán (cumraíocht) leictreonach ceithre cháithnín.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

- (a) Líon isteach na bearnaí leis an tábla a chomhlánú.
(Beidh an Bhileog Sonraí de dhíth ort leis na maisuimhreacha atá ar iarraidh a fháil.)

Cáithnín	Uimhir Adamhach	Maisuimhir	Cóiriúchán leictreonach
A	6		2,4
B	1	2	1
C			2,3
D	1	3	

[4]


- (b) (i) Cé acu cáithníní, A, B, C, nó D ar iseatóip iad?

Is iseatóip iad _____ agus _____ [1]

- (ii) Mínigh do fhreagra ar (b)(i).

_____ [1]

10 Táirgtear miotal alúmanaim trí leictreachas a chur trí chill ina bhfuil ocsaíd alúmanaim leáite.



(a) Cén leictreoid ag a ndéantar alúmanam?

_____ [1]

(b) Ainmnigh an tsubstaint a úsáidtear leis an anóid a dhéanamh.


_____ [1]

(c) Luaigh **míbhuntáiste** amháin as alúmanam a tháirgeadh ar an dóigh seo.

_____ [1]

- 11 (a) Is salann gorm é sulfáit chopair is féidir a ullmhú tríd an imoibriú idir aigéad agus bun.

Leis an chothromóid focal thíos a chomhlánú, ainmnigh an t-aigéad, an bun agus substaint ar bith eile a dhéantar.



- (b) Is féidir sulfáit chopair a ullmhú chomh maith trí aigéad a imoibriú le carbónáit.

Cén gás a fhoirmítear nuair a imoibríonn aigéad le carbónáit?

_____ [1]

12 Is comhdhúil ianach í fluairíd mhaignéisiam dar foirmle MgF_2 .

Mínigh go cúramach, i dtéarmaí aistriú leictreon, an fáth a bhfuil dhá adamh fluairín de dhíth le nascadh le hadamh amháin maignéisiam.

[3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.